# Bainisteoir Ginearálta

**Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo**
**An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe**

Is comhar creidmheasa pobal-lárnach é Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo. Tá an Comhar Creidmheasa tiomanta do sheirbhísí airgeadais ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na baill chomh maith le tacú leis an bpobal áitiúil.

Tá muid ag lorg **Bainisteoir Ginearálta a bhfuil taithí aige/aici agus a mbeidh a chur chuige bunaithe ar luachanna** chun an eagraíocht a stiúradh chomh maith le hoibriú go dlúth leis an mBord Stiúrtha, an fhoireann agus na baill ar mhaithe le rath agus forbairt leanúnach an chomhair chreidmheasa.

**Tá líofacht i labhairt agus i scríobh na Gaeilge riachtanach don phost seo.**

**An Ról**

Beidh freagracht iomlán ar an mBainisteoir as obair agus bainistiú éifeachtach an chomhair chreidmheasa ó lá go lá, chomh maith le ceannaireacht láidir a chur ar fáil don chomhar creidmheasa trí chéile.

Beidh an té a cheapfar ag obair go dlúth leis an mBord Stiúrtha chun cuspóirí straitéiseacha an Chomhair Chreidmheasa a bhaint amach, chomh maith le feidhmíocht thréan oibríochta agus airgeadais a fheidhmiú. Beidh sé/sí freagrach chomh maith as seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na baill agus a chinntiú go mbeidh an eagraíocht ag feidhmiú de réir na riachtanas reachtaíochta, rialála agus rialachais chuí.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- Oibríocht agus bainistíocht laethúil Chomhar Creidmheasa Cholm Cille Teo a stiúradh;
- Ceannaireacht, forbairt agus treoir éifeachtach a chur ar fáil don fhoireann;
- Oibriú i gcomhar leis an mBord Stiúrtha chun cuspóirí straitéiseacha, pleananna gnó agus tosaíochtaí an chomhair chreidmheasa a bhaint amach;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus oibríochta an chomhair chreidmheasa, ina measc, iasachtaí, coigilteas, leachtacht agus príomhtháscairí feidhmíochta;
- A chinntiú go bhfeidhmíonn an comhar creidmheasa na caighdeán is airde maidir le rialachas, comhlíontacht rialála agus rialuithe inmheánacha;
- Tuairiscí bainistíochta agus faisnéis airgeadais a ullmhú don Bhord go rialta;
- Deiseanna a thapú chun cur le seirbhísí, éifeachtúlacht agus caidreamh leis na baill;
- Caidreamh leis na baill, le rialtóirí, le soláthraithe seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile a bhainistiú; agus
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Chomhair Chreidmheasa agus an eagraíocht a chur chun cinn i measc an phobail áitiúil.

**An tIarratasóir**

Riachtanais don phost:

- Taithí bhainistíochta, go háirithe i seirbhísí airgeadais, baincéireachta, comhar creidmheasa nó réimse rialáilte eile.

- Scileanna maithe um bainistiú daoine agus ceannaireachta;
- Scileanna maithe um bainistiú airgeadais, tráchtála agus oibríochtaí gnó;
- Tuiscint mhaith ar rialachas, rialáil, bainistíocht riosca agus comhlíontacht;
- Taithí ar oibriú go héifeachtach le páirtithe leasmhara sinsearacha agus/nó Bord;
- Sárscileanna cumarsáide, idirphearsanta, eagrúcháin agus cinnteoireachta;
- Cumas a léiriú i ndáil le breithiúnas stuama, ionracas, discréid agus gairmiúlacht;
- Scileanna maithe TF agus riaracháin; agus
- Dúthracht shoiléir maidir le seirbhís a chur ar fáil do na baill agus bunluachanna ghluaiseacht na gcomhar creidmheasa.

Bheadh cáilíocht ábhartha tríú leibhéal nó cáilíocht ghairmiúil sna réimsí seo a leanas ina bhuntáiste: Gnó, airgeadas, cuntasaíocht, rialachas nó cáilíocht chomhionann eile.

**Riachtanas Gaeilge**

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo ag feidhmiú i bpobal Gaeltachta agus tá sé tiomanta seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge

Ní mór d'iarratasóirí a bheith **líofa ó thaobh labhairt agus scríobh na Gaeilge** Caithfidh an té a cheapfar na dualgais agus na freagrachtaí iomlána a bhaineann le post an Bhainisteora Ginearálta a chomhlíonadh trí mheán na Gaeilge, ina measc, cumarsáid leis na baill, leis an bhfoireann, leis an mBord Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile.

**Buntáistí an Phoist**

An deis chun comhar creidmheasa pobal-lárnach a stiúradh agus a fhorbairt agus obair fhiúntach a dhéanamh ar mhaithe leis na baill agus an pobal i gcoitinne.

Buntáistí a bhaineann leis an bpost:

- Ról ardbhainistíochta in institiúid airgeadais rialáilte aitheanta;
- An deis chun páirt a ghlacadh i dtreo straitéiseach an Chomhair Creidmheasa sa todhchaí;

- Ról bainistíochta ilghnéitheach, a chuimsíonn ceannaireacht, oibríochtaí, bainistiú airgeadais, rialachas agus seirbhís do na baill; agus
- Luach saothair ag teacht leis an scála tuarastail atá ceadaithe do Bhainisteoirí ginearálta.

**Tuarastal ag tosú ag €85,000, agus ag ardú de réir an scála tuarastail atá ceadaithe.**

**Maidir le hiarratas a dhéanamh**

Ní mór don iarratasóir:

- CV reatha a chur isteach; agus
- Litir chumhdaigh ina dtabharfaidh siad cuntas ar a n-oiriúnacht don phost.

Ba chóir na hiarratais a sheoladh i ríomhphost chuig:

foluntas@cccholmcille.ie

**Dáta deireanach d'iarratais:** [DATE] ag [TIME]

Tá tuilleadh eolais faoin bpost agus riachtanais iarratasóirí le fáil ag:

www.cccholmcille.ie/foluntas

Déanfar gearrliostú bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus litir chumhdaigh.

Is fostóir comhdheiseanna é Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Beidh an té a cheapfar faoi réir na seiceálacha rialála agus réamhfhostaíochta cuí a bhaineann leis an bpost.